# Ceannas Ghaoidheal do chlann Cholla

[A. Macbain and Rev. J. Kennedy (eds), *Reliquiae Celticae* II (Inverness, 1894), pp. 208-10]

O hEnna do rinne so d'Eoin a hÍle

1 Cennus Ghaoidheal do chlann Cholla,
coir a fhógra
síad a-rís 'na gcathibh cétna,
flatha Fodla.

2 Cennus Eirenn 7 Albu(i)n
an fhuinn ghríanaigh
a-ta ag an dréim fhulidh fhaobhraigh
cuiridh cliaruidh.

3 Fuair cennus na haicme uile,
Eoin a hÍle
fuair Alasdair flath na feile,
rath na ríghe.

4 Domnall Eoin 7 da Aongus
'man fhial fháoilidh
cethrar do bhen riar do righibh,
'sdar ghiall Gaoidhil.

5 Domnall is Ragnall don ríoghradh
riamh nar tughadh
Somuirle nar mheall a moladh
cenn na ccuradh.

6 Cethrar ó Shomairle shúl ghorm,
suas go Suibhne
ceathrar sin nach foill n-inbhe,
coir a gcumhne.

7 Seisior o Suimne riomh rathmar,
go rígh Colla
fion aca fa bhruach Banna,
a cuachuibh corra.

8 Da n-airfinn an ttainig uime,
d'úaslibh Ghaoidheal
beim ar enghluin úadh go hAdhaimh
ni fuair aoinfher.

9 Ag so tres do ginealach Gháoidheal
mar do ghellus
an drem-sa ris nar chóir coimes,

’sdar choir cennus.